Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14045/23

LIMITE

JUSTCIV 145
RELEX 1169
JAIEX 61
COCON 49
COAFR 368

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13884/23 |
| Ábhar: | Coinbhinsiún na Háige 2007 maidir le hAisghabháil Idirnáisiúnta Tacaíochta Leanaí agus Cineálacha Eile Cothabhála. An seasamh atá le glacadh i dtaobh aontachas na Botsuáine<br>- Formheas |

## I. CÚLRA MÍNIÚCHÁIN

1. Is mian leis an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) aird Coreper a tharraingt ar an gceist maidir le seasamh an Aontais[1] ar aontachas na Botsuáine do Choinbhinsiún na Háige an 23 Samhain 2007 maidir le hAisghabháil Idirnáisiúnta Tacaíochta Leanaí agus Cineálacha Eile Cothabhála Teaghlaigh (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Háige 2007' anseo feasta).

[1] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach agus an seasamh ón Aontas á bhunú.

## II. COINBHINSIÚN NA HÁIGE 2007

2. Maidir le Coinbhinsiún na Háige 2007, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas, de bhun Airteagal 3(2) CFAE, a mhéid a d'fhéadfadh forálacha an Choinbhinsiúin difear a dhéanamh do raon feidhme chomhrialacha an Aontais maidir le hoibleagáidí cothabhála nó an raon feidhme sin a athrú[2].

3. Is páirtí conarthach iomlán é an tAontas sa Choinbhinsiún seo, a tháinig i bhfeidhm don Aontas an 1 Lúnasa 2014.

4. De bhun Airteagal 58 (3) den Choinbhinsiún, féadfaidh aon tríú Stát aontú dó. Mar sin féin, de réir Airteagal 58(5) den Choinbhinsiún, ní bheidh éifeacht ag an aontachas sin ach amháin maidir leis an gcaidreamh idir an Stát aontachais agus na Stáit Chonarthacha sin nach ndearna agóid faoi aontachas na tíre sa 12 mhí tar éis an dáta ar a dtabharfar fógra faoin aontachas don taiscí.

5. An 15 Samhain 2022 thug an Taiscí fógra faoi aontachas na Botsuáine do Choinbhinsiún na Háige 2007. An spriocdháta 12 mhí le haghaidh aon agóide i gcoinne an aontachais atá beartaithe, rachaidh sé in éag an **15 Samhain 2023**[3].

6. De réir na faisnéise ón gCoimisiún, a cuireadh chun cinn in 12085/23 agus a cuireadh i láthair ó bhéal sa Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an 6 Meán Fómhair 2023, d'ainneoin na bhfadhbanna a bhaineann leis an staid eacnamaíoch achrannach, tá an smacht reachta agus na breithiúna sa Bhotsuáin sách sásúil ar an iomlán.

7. Is iad seo a leanas an dá rogha beartais a d'eascair as Coinbhinsiún na Háige 2007: (a) gan aon agóid i gcoinne aontachais; (b) agóid i gcoinne aontachais.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála. (IO L 7, 10.1.2009, lgh 1–79).

[3] De réir faisnéis arna soláthar ag an Taiscí. https://repository.overheid.nl/frbr/vd/011740/1/pdf/011740_Notificaties_54.pdf



PUBLIC

## III. ACHOIMRE AR NA HAIGHNEACHTAÍ ÓN MEITHEAL UM ÁBHAIR DLÍ SHIBHIALTA AGUS AN MOLADH UAITHI MAIDIR LE HAONTACHAS NA BOTSUÁINE

8. Phléigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) aontachas na Botsuáine do Choinbhinsiún na Háige 2007 an 20 Meitheamh, an 6 Meán Fómhair agus an 4 Deireadh Fómhair 2023 agus níor shainaithin sí aon chonstaicí bunúsacha a bhaineann le réimse an dlí shibhialta a bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an aontachais dá bharr. Measann an Coimisiún an rud céanna.

9. Molann an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta), dá bhrí sin, do Coreper nár cheart don Aontas Eorpach cur i gcoinne aontachas na Botsuáine do Choinbhinsiún na Háige 2007.

10. Tá an moladh seo chun an seasamh atá le glacadh i gcás na hAsarbaiseáine a fhormheas gan dochar don nós imeachta atá le leanúint amach anseo chun seasamh an Aontais Eorpaigh a bhunú maidir le haontachas tríú Stáit do Choinbhinsiúin na Háige sin ag a bhfuil an sásra aontachais céanna le Coinbhinsiún na Háige 2007.

PUBLIC

## IV. CONCLÚID

**11. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle nach ndéanfadh an tAontas Eorpach agóid i gcoinne aontachas na Botsuáine do Choinbhinsiún na Háige 2007.**

PUBLIC